Aonad 4

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

MSU agus ÁSPC d'Fhostaithe

Bileog Oibre le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí

2 Freagraí

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

MSU

1. Céard is brí leis na litreacha MSU? **Muirear Sóisialach Uilíoch**
2. Cén bhliain inar tugadh MSU isteach? **2011**
3. Cé atá freagrach as MSU a ríomh (oibriú amach) thar ceann fostaí? **Fostóir**
4. An bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach.

	Ráiteas	Fíor / Bréagach
1.	Má tá d'ioncam níos lú ná €13,000, íocann tú MSU	**Bréagach**
2.	Is gá MSU ag ráta 8% a íoc ar an ioncam go léir os cionn €70,044	**Fíor**
3.	Is gá MSU a íoc ar gach íocaíocht leasa shóisialaigh	**Bréagach**
4.	Is gá MSU a íoc ar íocaíochtaí bónais	**Fíor**

DCC agus ÁSPC

1. Céard is brí leis na litreacha DCC? **Deimhniú Creidmheasanna Cánach**
2. Liostaigh **dhá** phíosa eolais atá le fáil ar DCC.
   Creidmheasanna cánach agus banda ráta, rátaí MSU agus banda ráta, Aitheantóir fostaíochta
3. Cén mhí ina n-eisíonn na Coimisinéirí Ioncaim DCC? **Mí na Nollag**
4. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo thíos.
   Ciallaíonn na litreacha ÁSPC **Árachas** Sóisialach Pá-**Choibhneasa**. Is éard atá ann ná ranníocaíochtaí ón **bhfostóir** agus ón bhfostaí araon. Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ranníocaíochtaí ÁSPC agus is í seo an phríomhfhoinse maoinithe don Chiste Árachais **Shóisialaigh**, atá á bainistiú ag an **Roinn** Coimirce Sóisialaí. San áireamh leis na sochair a bhaineann le ranníocaíochtaí ÁSPC tá: Sochar **Máithreachais**, **Pinsin** Stáit agus Sochar **Cuardaitheora** Poist.

MSU, DCC agus ÁSPC

Cuir ciorcal ar an bhfreagra ceart sna ráitis seo thíos.

1. Úsáidtear an córas ÁSPC / **ÍMAT** chun MSU agus ÁSPC a bhailiú.
2. Is asbhaint **reachtúil** / neamhreachtúil ó phá fostaí é MSU.
3. **Faigheann**/ ní fhaigeann fostaithe DCC leasaithe má thagann athrú ar a gcúinsí i rith na bliana.
4. Tá ranníocaíochtaí ÁSPC fostóra níos lú / **níos mó** ná ranníocaíochtaí a dhéanann fostaithe.
5. Tá **11** / 13 aicme éagsúla ÁSPC i gcóras na hÉireann